**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
State Examinations Commission

**Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí**
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath.

**S15/2021**

# Tacaíochtaí breise do Scoileanna chun Tacú le Reáchtáil Scrúduithe na hArdteistiméireachta agus na hArdteistiméireahta Feidhmí agus próiseas na nGrád Creidiúnaithe in 2021

**Chuig Príomhoide na Scoile a bhfuil a (h)ainm luaite sa seoladh:**

Braitheann soláthar rathúil scrúduithe teistiméireachta an stáit ar údaráis na scoileanna i gcoitinne, agus go háirithe ar phríomhoidí na scoile. I gcomhréir le cleachtas seanbhunaithe sna scrúduithe stáit, tá sé de rogha ag údaráis na scoileanna (agus ag údaráis na n-ionad oideachais eile a fhaigheann cistí poiblí) Cúntóir a fhostú chun cuidiú leis an bPríomhoide le linn na scrúduithe stáit nó le bheith mar ionadaí go hiomlán don Phríomhoide mura mbíonn sé/sí ar fáil ar chúis ar bith. Is amhlaidh a bhí sé freisin in 2020, go raibh sé de rogha ag scoileanna Cúntóir a cheapadh chun tacú le bainistíocht na scoile le córas na nGrád Ríofa a riar.

Is é aidhm an chliorcláin seo sonraí a chur ar fáil maidir le raon feabhsaithe tacaíochtaí atá ar fáil do scoileanna chun tacú le reachtáil Scrúduithe na hArdteistiméireachta agus na hArdteistiméireachta Feidhmí agus próiseas na nGrád Creidiúnaithe in 2021.

Tá raon na dtacaíochtaí breise deartha chun tacú le scoileanna agus chun a chinntiú go mbíonn an obair riachtanach ar siúl le haghaidh Scrúduithe na hArdteistiméireachta agus na nGrád Creidiúnaithe, 2021; chun an éifeacht ar bhainistíocht agus acmhainní na scoile i gcoitinne a laghdú; agus mar aitheantas don obair bhreise atá i gceist leis na scrúduithe a phleanáil agus a reáchtáil go sábháilte le linn COVID-19, i gcomhréir le comhairle na sláinte poiblí. Aithnítear freisin go bhfuil obair áirithe á déanamh lasmuigh den scoil freisin le linn thréimhse shaoire na Cásca, um thráthnóna agus ag an deireadh seachtaine chun na hamanna teagaisc le haghaidh scoláirí a chosaint chomh fada agus is féidir, i bhfianaise an chur isteach a bhí ann d’fhoghlaim na scoláirí cheana féin i mbliana.

Beidh gach Cúntóir Ardteistiméireachta ag obair faoi threoir ghinearálta fhoirean bhainistíochta an phríomhoide agus an leas-phríomhoide. Cé gurb é ról an Chúntóra ná chun cuidiú leis an bPríomhoide le linn na scrúduithe stáit, is ceadmhach don Chúntóir bheith mar ionadaí go hiomlán don Phríomhoide mura mbíonn sé/sí ar fáil ar chúis ar bith ar an gcoinníoll go bhfuil bainistíocht na scoile sásta go bhfuil na dualgais riachtanacha á gcomhlíonadh go hiomlán ag an gCúntóir ag na hamanna seo.

Ba chóir an ciorclán seo a léamh in éineacht le Ciorcláin CSS S13/2021 Treoir do Bhainistíocht na Scoile, Ciorclán S16/2021 Baill Foirne Scrúduithe atá Ceaptha ag Scoileanna 2021 agus S07/2021 Tuairisc chun dáta maidir le hArdteistiméireacht 2021. Beidh sonraí maidir le conas éileamh a dhéanamh le haghaidh Cúntóirí Ardteistiméireachta, Agallóirí Béaltrialach, agus le haghaidh

costas eile a bhaineann le hArdteistiméireacht 2021 a chur i gcrích, mar ábhar de chiorclán eile agus beidh na foirmeacha éilimh in éineacht leis.

## 1. Cúntóirí Ardteistiméireachta 2021

Tá sé de rogha ag údaráis na scoileanna:

- Cúntóirí Ardteistiméireachta 2021 a fhostú chun obair faoi threoir ghinearálta fhoireann bhainistíochta an phríomhoide agus an leas-phríomhoide, le réimse freagrachtaí a chomhlíonadh atá leagtha amach thíos do gach ról Cúntóra le hArdteistiméireacht 2021 a riar i scoileanna.
- Rogha a dhéanamh róil an Chúntóra Ardteistiméireachta a roinnt idir líon ball foirne. Moltar go mbíonn a laghad daoine agus is féidir ceaptha don ról seo. (Cé nach é an rud is fearr é, is féidir le scoileanna, más gá dóibh, laethanta a chionroinnt i sciaranna de leathlá nó de cheathrú lá má cheapann siad go bhfuil sé seo ag teastáil agus go bhfuil sé oiriúnach dá riachtanais ar leith laistigh de chionroinnt iomlán na laethanta ag an ráta per diem.)
- An Cúntóir Ardteistiméireachta a cheapadh i gcomhréir leis an modheolaíocht atá ann cheana féin ag leibhéal na scoile í féin.

Ós rud é go bhfuil feidhmeanna áirithe san áireamh i raon dualgas an Chútóra a tharlaíonn le linn an ama scoile ní mór don scoil bheith sásta áit a gceaptar múinteoir atá ar seirbhíse, nach mbeifear ag teacht salach ar ghnáthdhualgais an mhúinteora agus nach ndéantar aon chostais bhreise a thabhú (e.g. costais ionaid).

Laistigh de chionroinnt laethanta na scoile, tá 5 lá curtha in áirithe don Phríomhoide.

Is é an ráta laethúil íocaíochta le haghaidh daoine atá ceaptha mar Chúntóirí Ardteistiméireachta €146.19

Beidh líon laethanta na gCúntóirí Ardteistiméireachta ag brath ar líon na n-iarrthóirí sa scoil agus raon na ngníomhaíochtaí atá ag teastáil chun freastal ar riachtanais na n-iarrthóirí sa scoil sin, mar seo a leanas:

**Scrúduithe na hArdteistiméireachta, 2021**

| Aidhm | Scoileanna ina bhfuil suas le 120 Iarrthóir | Scoileanna ina bhfuil 120 Iarrthóir nó níos mó |
|---|---|---|
| | **Uaslíon na Laethanta** | **Uaslíon na Laethanta** |
| Pleanáil agus Riar na Scrúduithe Béaltrialach | 8 Lá | 10 Lá |
| Laethanta leis na scrúduithe a phleanáil agus a reáchtáil a bhaineann le Covid-19 | 10 Lá | 12 Lá |
| Scrúduithe mhí an Mheithimh | 10 Lá | 10 Lá |
| Scrúdú GCAT – Dé Sathairn, an 8 Bealtaine 2021 (De réir mar is gá) | 2 Lá | 2 Lá |
| Scrúdú na Ríomheolaíochta – Dé Sathairn, an 22 Bealtaine 2021 (De réir mar is gá) | 2 Lá | 2 Lá |
| Scoileanna a bheidh oscailte ar dhá Dhomhnach i mí an Mheithimh chun soláthar a dhéanamh do na páipéir scrúduithe scríofa a fháil (De réir mar is gá; is féidir 2 Lá a éileamh do gach Domhnach) | 4 Lá | 4 Lá |

**Gráid Chreidiúnaithe na hArdteistiméireachta, 2021**

| | | |
|---|---|---|
| Gráid Chreidiúnaithe lena n-áirítear Foghlaimeoirí agus Ábhair Lasmuigh den Scoil, agus lena n-áirítear Measúnú ar Chumas Inniúlachta Teanga do scoláirí de theangacha neamhchuraclaim[1] tráthnóna Sathairn, an 8ú Bealtaine. | 20 Lá | 20 Lá |

## 2. Ról an Chúntóra Ardteistiméireachta, 2021

**A. Scrúduithe**

***Na Scrúduithe Béaltrialach -***

Scrúduithe Béaltrialacha Teanga na hArdteistiméireachta, 2021. Tá líon na laethanta atá sannta do Scrúduithe Béaltrialacha Teanga na hArdteistiméireachta leagtha amach thuas. Féach freisin Ciorclán S13/2021 *Treoir do Bhainistíocht na Scoile le haghaidh sonraí ar raon na ndualgas.*

***Scoileanna ina bhfuil scrúduithe an GCAT agus na Ríomheolaíochta***

Is é an duine ceaptha ag an scoil ná an Cúntóir/ na Cúntóirí seo, a bheidh freagrach as cúnamh agus tacaíocht a thabhairt do na Feitheoirí atá ceaptha ag an scoil agus as teagmháil a dhéanamh leo, as reáchtáil scrúduithe an GCAT agus as an Measúnú ar Chumas Inniúlachta Teanga do theangacha neamhchuraclaim Dé Sathairn, an 8 Bealtaine agus as reáchtáil scrúduithe na Ríomheolaíochta Dé Sathairn, an 22 Bealtaine faoi seach. Cuirfidh CSS treoir ar fáil maidir le reáchtáil na scrúduithe in am trátha.

***Ag Pleanáil agus ag eagrú le haghaidh na Scrúduithe Scríofa 9 – 29 Meitheamh 2021***

Beidh treoir á cur ar fáil ag CSS do scoileanna maidir le scrúduithe mhí an Mheithimh a reáchtáil go sábháilte in am trátha. Cé gur faoi údaráis na scoileanna ag an deireadh cinneadh a dhéanamh maidir leis an aidhm a mbeidh an Cúntóir fostaithe dó sna scrúduithe, moltar, mar shampla, go bhféadfadh bainistíocht na scoile iad a shannadh leis an liosta dualgas seo a leanas a dhéanamh, ach tabhair faoi deara nach liosta iomlán é seo;

- Ag obair faoi threoir fhoireann bhainistíochta an Phríomhoide agus an Leas-Phríomhoide le hullmhúchán agus eagrúchán a dhéanamh, i gcomhréir le treoir an CSS, do scrúduithe na hArdteistiméireachta, 2021.
- An chóiríocht a mheas a bheidh in úsáid mar ionaid oideachais agus líon na n-iarrthóirí is féidir a shannadh do gach seomra agus cuidiú leis na hionaid a leagan amach.
- Scoláirí a shannadh chuig an ionad/na hionaid atá le húsáid le haghaidh na scrúduithe ar bhonn seisiúin ar sheisiún, agus chuig ionaid scrúduithe speisialta más cuí.
- Na socruithe is oiriúnaí a chur i bhfeidhm leis na scrúduithe a reáchtáil i gcomhréir leis na rialuithe agus riachtanais sláinte phoiblí uile a bhaineann le hábhar.
- A chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as an spás i gcomhthéacs bhonneagar na scoile agus na n-éileamh áitiúil maidir leis na socruithe iomchuí scaradh sóisialta, glantacháin, díghalraithe, etc.
- I mbun earcaíochta de réir mar is gá laistigh den scoil maidir le feitheoirí le haghaidh ionad scrúduithe speisialta agus maoirseacht a dhéanamh ar na feitheoirí seo le linn a dtréimhse oibre.
- I mbun earcaíochta de réir mar is gá maidir le freastalaithe scrúduithe a aimsiú agus a cheapadh.

[1] Tá measúnú ar chumas inniúlachta teanga do scoláirí de theangacha neamhchuraclaim á eagrú ag an Roinn Oideachais le cur le soláthar na nGrád Creidiúnaithe sna hábhair seo.

- A chinntiú go bhfuil na seomraí agus an trealamh oiriúnach ó thaobh na fuaimíochta de le haghaidh na dtrialacha cluastuisceana sa cheol agus sna hábhair teanga agus déanfaidh sé/sí soláthar le haghaidh DVD a úsáid don ATF agus don GCAT
- Teagmháil a dhéanamh le feitheoir na scrúduithe nó le freastalaí an ionaid sa chás go mbíonn aon deacrachtaí ann le linn an scrúdaithe agus teagmháil a dhéanamh le CSS maidir le haon saincheisteanna a thagann chun cinn.
- Eagrúchán a dhéanamh agus an t-ábhar scrúduithe a thógáil isteach, a stóráil go sábháilte nó a sheoladh ar ais go dtí CSS lena n-áirítear an t-ábhar scrúduithe a fháil sna scoileanna ar dhá Dhomhnach i mí an Mheithimh.
- Eagrúchán a dhéanamh agus stáiseanóireacht na scrúduithe a thógáil isteach agus a stóráil go sábháilte.
- Cúnamh agus tacaíocht a thabhairt do na Feitheoirí atá ceaptha ag CSS agus teagmháil a dhéanamh leo.

Cuirfidh CSS treoir ar fáil maidir leis na scrúduithe a reáchtáil in am trátha.

**B. Gráid Chreidiúnaithe:** (**Féach** Treoir maidir leis na Scrúduithe Stáit agus na Gráid Chreidiúnaithe don Ardteistiméireacht in 2021)

Agus marcanna measta á gcur ar fáil do phróiseas na ngrád creidiúnaithe, beidh ceithre phríomhchéim scoilbhunaithe i gceist:

1. Meastachán an mhúinteora de mharcanna ceatadáin scoláirí.
1. Ailíniú na scoile ar na marcanna le haghaidh ábhair trí ghrúpa ailínithe ábhair atá déanta suas de mhúinteoirí atá ag múineadh an ábhair do scoláirí na hArdteistiméireachta i mbliana.
2. Maoirseacht á déanamh ag Príomhoide na scoile ar an bpróiseas ailínithe.
4. Seachadadh na marcanna i gcomhair caighdeánú náisiúnta.

Ag obair faoi theoir fhoireann bhainistíochta an Phríomhoide agus an Leas-Phríomhoide, d'fhéadfadh an réimse dualgas seo a leanas a bheith san áireamh don Chúntóir;

- Ag cuidiú leis an bPríomhoide agus leis an Leas-Phríomhoide le tascanna riaracháin a bhaineann leis an gcéim laistigh den scoil de chóras na nGrád Creidiúnaithe.
- Ag cuidiú le cruinnithe ailínithe ábhair a eagrú.
- Rótaí agus nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta a eagrú, le haghaidh cruinnithe a bheidh ar siúl sa scoil agus le go mbeidh múinteoirí in ann rochtain a dhéanamh ar obair atá á stóráil sa scoil.
- Ag cuidiú le múinteoir rochtain a dhéanamh ar bhunachar sonraí na scoile le haghaidh eolais má bhíonn sé de dhíth.
- Ag déanamh cinnte de go bhfuil iarrthóirí uile na hArdteistiméireachta ar an eolas faoin tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra; ar cad is gá dóibh a dhéanamh ag gach céim agus go bhfuil rochtain acu air.
- Ag cuidiú leis an measúnú ar mharcanna measta do scoláirí a bhfuil teagasc á fháil acu sa bhaile, a eagrú.
- Ag cuidiú leis an measúnú ar mharcanna measta do scoláirí atá ag staidéar ábhair lasmuigh den scoil, a eagrú, faoi réir threoirlínte an ROS
- Ag cuidiú leis an bpróiseas a eagrú do scoláirí ar foghlaimeoirí iad lasmuigh den scoil agus a roghnaíonn an scoile mar a n-óstscoil le haghaidh Grád Creidiúnaithe.
- Ag cuidiú le fiosruithe ó mhúinteoirí a fhreagairt.

***Measúnú ar Chumas Inniúlachta Teangacha Neamhchuraclaim***

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Seicis** | **Bulgáiris** | **Cróitis** | **Danmhairgis** | **Ollainnis** | **Eastóinis** |
| **Fionlannais** | **Ungáiris** | **Laitvis** | **Liotuáinis** | **Polainnis** | **Máltais** |
| **Nua-Ghréigis** | **Portaingéilis** | **Rómáinis** | **Slóvaicis** | **Slóivéinis** | **Sualainnis** |

Tráthnóna Sathairn, an 8 Bealtaine, tá measúnuithe ar chumas inniúlachta teanga á n-eagrú ag an Roinn Oideachais le haghaidh scoláirí d'ábhair teanga neamhchuraclaim chun cur le soláthar na nGrád Creidiúnaithe sna hábhair seo. ***Tabhair faoi deara nach scrúdú Ardteistiméireachta é seo agus nach bhfuil sé á reáchtáil ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.***

Iarrtar ar scoileanna a bhfuil scrúdú na Nascmhodúl á reáchtáil acu i nGairmchlár na hArdteistiméireachta ar maidin, an 8 Bealtaine, úsáid a bhaint as an mbonneagar atá bunaithe do scrúdú na Nascmhodúl chun cuidiú leis an measúnú seo ar chumas inniúlachta a reáchtáil an tráthnóna sin. Beidh ar scoileanna nach bhfuil scrúduithe na Nascmhodúl GCAT á reáchtáil acu ionaid a fháil le haghaidh na measúnuithe ar chumas inniúlachta i gcomhréir leis an treoir atá le heisiúint ag an Roinn Oideachais in am trátha.

### 3. Cúntóir na hArdteistiméireachta Feidhmí

Tá dualgais bhreise ann i mbliana le haghaidh na n-imeachtaí scrúdaithe atheagraithe agus maidir leis na Gráid Chreidiúnaithe don Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF) araon. Clúdaíonn ról an Chúntóra a bhfuil cur síos déanta air thuas scrúduithe scríofa na hArdteistiméireachta Feidhmí. Ach, meastar go mbeadh Comhordaitheoir na hArdteistiméireachta Feidhmí an duine is fearr le ról Cúntóra a chomhlíonadh d'éilimh na hArdteistiméireachta Feidhmí seachas na scrúduithe scríofa. Cuirfear candam ar leith de laethanta an Chúntóra ar fáil chun tacú leis na héilimh ATF neamhghnácha seo. Beidh sé seo mar ábhar cumarsáide ar leith.

### 4. Glantachán, Airíochas, Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE), Solas & Teas

Maidir leis na costais bhreise réasúnta a thabhaítear go sonrach sna scoileanna leis an nglantachán, díghalrú agus soláthar PPE a chinntiú, d'fhonn comhairle na sláinte poiblí a chomhlíonadh le go reáchtálfar na scrúduithe a bhaineann leis na scrúduithe atá ar siúl i rith shaoire na Cásca, um thráthnóna, agus má tá scrúduithe an GCAT agus/nó na ríomheolaíochta á reáchtáil ag do scoil le linn an deireadh seachtaine, déanfaidh an CSS iad seo a chúiteamh. Ní íocfar é seo ach sa chás gur caitheadh íocaíocht chaipitíochta COVID a chuir an Roinn ar fáil.

### 5. Iompar le haghaidh roinnt Iarrthóirí chuig na Scrúduithe atá á reáchtáil lasmuigh d'Am Scoile

I dtaca le hiompar scoile, agus faoi théarmaí Scéim Iompar Scoile na Roinne Oideachais, de ghnáth bíonn seirbhísí iompar scoile le haghaidh leanaí incháilithe ag feidhmiú le linn na gnáth-scoilbhliana chun freastal linbh a éascú le linn ghnáthamanna oscailte agus dúnta na scoile amháin. Beidh trialacha feidhmíochta Cheol na hArdteistiméireachta agus Tascanna ATF ar siúl thar thréimhse shaoire na Cásca agus an tréimhse atá ceaptha d'agallaimh na mBéaltrialacha Teanga ná um thráthnóna, ag an deireadh seachtaine agus le linn thréimhse Shaoire na Cásca; tréimhsí ama nuair nach mbíonn an Scéim Iompar Scoile ag feidhmiú. Ar chúiseanna sláinte phoiblí, agus ós rud é go bhfuil na himeachtaí seo ar siúl ar feadh tréimhse gairide, ní bheadh sé oiriúnach go mbeadh gnáthchóras iompar scoile ag feidhmiú

Iarrtar ar scoileanna freastal na scoláirí a éascú ag baint úsáid as seirbhísí tacsaí sna cásanna teoranta seo a leanas; ní mór do na scoláirí:

- bheith i dteideal iompar scoile faoi théarmaí Scéim Iompar Scoile na Roinne agus
- bheith ag baint úsáid as an iompar scoile le linn na scoilbhliana reatha nach mbeidh na seirbhísí iompair ar fáil dóibh thar an tréimhse ón 26 Márta go dtí an 11 Aibreán (tabhair faoi deara go dtosaíonn scoil arís ar an 12 Aibreán) agus
- bheith faoi iallach freastal ar imeacht scrúdaithe thar an tréimhse seo agus tabhair faoi deara gur chóir é seo a chur san áireamh nuair atá na hiarrthóirí á sceidealú.

Déanfaidh CSS na scoileanna a chúiteamh ar chostais réasúnta dá leithéid seirbhísí ach admhálacha bailí a chur ar fáil.

Beidh sonraí maidir le conas éileamh a dhéanamh le haghaidh Cúntóirí Ardteistiméireachta, Agallóirí Béaltrialach, agus costais eile a bhaineann le hArdteistiméireacht 2021 a chur i gcrích mar ábhar de chiorclán ar leith agus beidh na foirmeacha éilimh in éineacht leis.

**Catriona Hanevy**
**Príomhoifigeach**
**Ceann Gnóthaí Corparáideacha, Airgeadais & AD**
**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**